2024/1862

1.7.2024

CINNEADH (AE) 2024/1862 ÓN gCOMHAIRLE EORPACH

an 28 Meitheamh 2024

lena moltar iarrthóir do Pharlaimint na hEorpa ar Uachtaránacht an Choimisiúin Eorpaigh

TÁ AN CHOMHAIRLE EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 17(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 17(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ag féachaint do na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus tar éis dul i mbun na gcomhairliúchán iomchuí, go ndéanann an Chomhairle Eorpach an t-iarrthóir atá beartaithe aici d'Uachtaránacht an Choimisiúin Eorpaigh a mholadh do Pharlaimint na hEorpa.

(2) Reáchtáladh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa idir an 6 agus an 9 Meitheamh 2024, i gcomhréir le hAirteagal 11(2), an chéad fhomhír, den Ionstraim maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach ([1]).

(3) I gcomhréir le Dearbhú Uimh. 11 atá i gceangal le Gníomh Críochnaitheach na Comhdhála Idir-rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin ([2]), chuaigh ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach i mbun na gcomhairliúchán ba ghá.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, iarrthóir ar Uachtaránacht an Choimisiúin a mholadh do Pharlaimint na hEorpa,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, moltar Ursula VON DER LEYEN do Pharlaimint na hEorpa mar iarrthóir ar Uachtaránacht an Choimisiúin.

Airteagal 2

Cuirfear an Cinneadh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha. Foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle Eorpaí

An tUachtarán

C. MICHEL

([1]) Ionstraim maidir le toghadh chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, atá i gceangal le Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 1976 (IO L 278, 8.10.1976, lch. 5).

([2]) IO C 326, 26.10.2012, lch. 344.